Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

FÍS AMHÁIN STÁTSEIRBHÍS

Athnuachan na Státseirbhíse 2024

Plean Gnímh

Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
gov.ie

2021

Clár an Ábhair

Fís agus Luachanna	2
Réamhrá an Aire	3
Réamhrá	4
Plean Gnímh	7
Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht a Neadú	8
Lucht Saothair, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht	13
Beartas agus Seirbhísí le Bonn Fianaise	19
Rialachas agus Measúnú	24
Aguisíní	26
Liosta Gníomhartha	27
Creat Straitéiseach 10 mbliana	31
Bonn Fianaise CSR2024	32

Ár bhFís



Ár Luachanna



Réamhrá an Aire

Tá an-áthas orm ***Athnuachan na Státseirbhíse 2024*** a chur i bhur láthair. Seo an chéad phlean gnímh trí bliana a thacóidh le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 a sholáthar.

Bhí tionchar nach bhfacthas a leithéid cheana ag COVID-19 ar ár sochaí le fiche mí anuas. Tá sé cruthaithe ag an Státseirbhís gur féidir léi freagairt go solúbtha do dhúshláin dá leithéid. Cruthaíodh córais laistigh de sheachtain a thógfadh blianta de ghnáth, agus tharla athruithe i bhfaiteadh na súl a cheapfadh duine a bheadh dodhéanta roimhe sin. Ar iliomad bealaí, bhí an phaindéim mar chatalaíoch don athrú amach anseo a éascú.

Is mó an phráinn atá leis na dúshláin atá os comhair na Státseirbhíse agus is mó an nasc eatarthu chomh maith, idir dul i ngleic le himpleachtaí an athraithe aeráide agus réiteach a fhorbairt ar shaincheisteanna dúchais ar nós na tithíochta agus an chúraim sláinte. De réir mar a bheidh an tír ag teacht go láidir agus go hathléimneach as an bpaindéim, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh an cumas, an tsolúbthacht agus an léargas ag an Státseirbhís freagairt mar is cóir.

Tá d'aidhm ag Athnuachan na Státseirbhíse 2024 tógáil ar ár gcuid láidreachtaí agus luas a chur le tionscnaimh thábhachtacha. Tá struchtúr aige bunaithe ar thrí théama lárnacha a thagann le creat straitéiseach Athnuachan na Státseirbhíse 2030.

1 Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht

Tá forbairtí teicneolaíochta tar éis athrú a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid agus a ndéanaimid teagmháil lena chéile. Bíonn an pobal ag súil go mbeidh teacht ar ár gcuid seirbhísí áit agus uair ar caoithiúil acu iad. Tá cultúr nuálaíochta ag teastáil uainn a thacóidh le fiosrú agus glacadh le cur chuige nua maidir leis an soláthar seirbhísí agus an comhoibriú follasach a chur chun cinn chun seirbhísí a chur ar fáil atá deartha de réir mhianta an phobail.

2 Lucht Saothair, Láthair Saothair agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

Éilíonn pobal cuimsitheach agus geilleagar iomaíoch go mbeidh Státseirbhís ardfheidhmiúil ann a thagann roimh rioscaí agus deiseanna éiritheacha agus a dhéanann freagairt éifeachtach. Ní mór dúinn cumas, struchtúir agus gnáis a fhorbairt a thacóidh le freagairt uile-Rialtais do na dúshláin is práinní in Éirinn. Beidh barrtháibhacht le hinfheistiú in oiliúint ghairmiúil na Státseirbhíse, cultúr bunaithe ar luachanna a neadú, agus aitheantas a thabhairt don luach atá leis an ilchineálacht agus leis an gcomhionannas inscne, má tá fúinn an plean uaillmhianach seo a sholáthar sna trí bliana romhainn.

3 Beartas agus Seirbhísí le Bonn Fianaise

I bhfianaise a ghéire atá an t-athrú ag tarlú i sochaí na linne is mó an gá atá le beartais chomhtháite, uile-Rialtais a fhorbairt a bheidh in ann freagairt do dhúshláin san áit seo agus ar fud na cruinne go léir. Bainfear úsáid leasaithe as sonraí chun tacú le léargais bunaithe ar fhianaise agus déanfar tuilleadh comhoibrithe leis an bpobal, rud a chinnteoidh go ndéanfar beartas a dhearadh a bheidh ag teacht le folláine an phobail agus na sochaí.

Tá an-áthas orm tacú leis an gcaibidil nua uaillmhianach seo don Státseirbhís agus tá mé ag súil go mór leis na sochair agus na torthaí a thiocfaidh leis agus a bheidh le leas phobal na hÉireann

Le dea-ghuí,

Michael McGrath, TD

Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

1 Réamhrá

Réamhrá

Tá an Státseirbhís ag croílár phobal na hÉireann agus tá ról fíorthábhachtach aige maidir le freagairtí beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis an Rialtas tabhairt faoi réimse saincheisteanna casta dúshlánacha. Tá sé lárnach maidir le seirbhísí riachtanacha a sholáthar don phobal, ag comhoibriú leis an tSeirbhís Phoiblí níos leithne maidir le treoir a thabhairt don fheidhmiú beartais. Is eagraíocht í an Státseirbhís a bhíonn ag smaoineamh chun tosaigh, agus dá réir sin tá tiomantas don athrú inti, chun riar ar riachtanais agus ar mhianta ag bhíonn ag síorfhorbairt, agus fonn uirthi í féin a leasú i rith an ama.

Tugann Athnuachan na Státseirbhíse 2030 ("CSR2030") an ród chun tosaigh maidir lena chur ar chumas na Státseirbhíse riar ar riachtanas an Rialtais agus tabhairt faoi shaincheisteanna casta fadtéarmacha. Cuirfidh sé torthaí ciallmhara ar fáil don phobal le sraith pleananna trí bliana. Tá cur chuige struchtúrtha sa Chreat Straitéiseach 2030 chun an fócas leanúnach a chinntiú trí gach timthrialla pleanála trí bliana. Féachann an creat le tabhairt faoi riachtanais agus éilimh an lae inniu, ach tugann deis chomh maith athshamhlú a dhéanamh ar ghnéithe dár n-eagraíocht chun gur fearr a fhreagróimid do na dúshláin a bheidh romhainn. Tugann sé treoir maidir le todhchaí chorraitheach don Státseirbhíseach, idir an chaoi a leanfar don soláthar seirbhísí do mhuintir na hÉireann, agus an chaoi a ndéanfaimid athneartú ar ár gcumas freagairt do dhúshláin atá ag éirí níos casta.

Tógáil ar na buanna

Tá tréimhse dhúshlánach curtha di ag an Státseirbhís ach tréimhse fhorásach leis – tréimhse inar gnóthaíodh cuid mhór i dtimpeallacht a bhí ag síorathrú. Tógann an Plean Gnímh seo ar an méid sin a gnóthaíodh ón bPlean Athnuachana Státseirbhíse 2014 agus na tionscnaimh eile athchóirithe a cuireadh i bhfeidhm sa Státseirbhís.

Le 18 mí anuas bhí dúshlán gan dealramh ag an tsochaí, ag ár ngnólachtaí agus ag ár ngeilleagar. D'éirigh leis na hinstitiúidí poiblí, arb aidhm dóibh riar a gcuid riachtanas, freagairt dóibh go nuálach agus go solúbtha thar réimse seirbhísí poiblí. Ba ghá an tsamhlaíocht agus an tiomantas chun sin a dhéanamh, rud a aibhsíonn spiorad láidir na seirbhíse poiblí atá ag seirbhísigh an phobail agus an stáit. Léirigh an freagairt don phaindéim COVID-19 cad is féidir a bhaint amach. Tógfar ar an dúshraith láidir seo agus sinn ag iarraidh tuilleadh leasaithe a dhéanamh ar an soláthar don Rialtas, don chóras polaitiúil, don tsochaí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Tacú leis an athshlánú agus foghlaim ón méid a baineadh amach

Is suntasach an athléimneacht a léirigh muintir na hÉireann i bhfianaise na n-impleachtaí a bhain leis an bpaindéim. Sheas óg agus aosta an fód le chéile gur phléigh siad leis na dálaí brónacha dochracha a tháinig leis an ngéarchéim. Tá an Státseirbhís suite de go ndéanfaidh sí a dícheall cabhrú leis an tír teacht slán as an bpaindéim COVID-19 agus tabhairt faoi na dúshláin atá os comhair na tíre. Táimid tar éis feidhm rathúil a thabhairt do mhórthionscnaimh ar nós na dtacaíochtaí paindéime d'fhostaithe agus do ghnólachtaí agus leathadh amach an Chláir Vacsaínithe. I gcomparáid leis an tomhas idirnáisiúnta is maith a chruthaigh le hÉirinn ó thaobh soláthair de. Léirigh an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí conas is féidir leo freagairt in am an ghá agus léiríodh freisin an cumas agus an acmhainn aistriú agus soláthar solúbtha a dhéanamh don tsochaí againn. Foghlaimeoimid ón taithí seo lena chinntiú go ngabhfaimid na sochair fhadtéarmacha agus go gcuirfimid athrú buan á dhéanamh maidir lenár gcuid oibríochtaí.

Timpeallacht thaghdach chasta

Tá roinnt dúshlán casta atá ag méadú leo agus tionchar dá réir acu ar ár sochaí, agus tá gá le freagairt dóibh go láidir agus go comhordaithe. Mar sin féin tá deiseanna ag siúl leo. Tá mionsonraí thíos faoi chuid de na forbairtí is tábhachtaí atá tar éis ár straitéis fhadtéarmach CSR2030 a mhúnlú, agus iad mar bhunús do na tosaíochtaí sa Phlean Gnímh trí bliana seo.

- Tá Éire leochaileach maidir leis an athrú agus leis an neamhchinnteacht ar fud an domhain, faoi thionchar ag imeachtaí ar nós Brexit, claochluithe geopholaitiúla agus neamhsheasmhacht eacnamaíoch idirnáisiúnta. Tá dúshláin ag baint le bheith ag obair sa neamhchinnteacht seo, ag an bpobal, ag gnólachtaí agus ag an tsochaí ar fad. Tugann sé deis freisin don Státseirbhís ceannaireacht uaillmianach a léiriú, agus eagraíocht nuálach ardfheidhmiúil á tiomáint, a bhfuil de chumas aige measúnú a dhéanamh ar an athrú agus ar an neamhchinnteacht agus freagairt dóibh.
- Tá fás leanúnach ag teacht ar an daonra againn, agus ar chomhdhéanamh an daonra sin, agus tá impleachtaí aige sin don chaoi a ndéanaimid soláthar ar sheirbhísí. Ní mór an pobal a choinneáil i gceartlár ár gcuid próiseas pleanála, soláthair agus measúnaithe, más fúinn beartas agus seirbhísí a fhorbairt a thagann lena riachtanas agus lena n-ionchas.

- Is casta na dúshláin iad an tithíocht, an easpa dídine, agus cúram sláinte ach iarrann siad orainn bheith ag obair as lámh a chéile chun réitigh nuálacha a chur ar fáil ar na saincheisteanna práinneacha seo. Tá céimeanna sa Phlean Gnímh seo, agus má thógtar iad in éindí, cinnteofar leo go mbeidh an acmhainn agus an cumas ag an Státseirbhís tabhairt faoi na dúshláin seo.
- Tá gealltanas tugtha ag Éirinn go mbeidh geilleagar aici a bheidh athléimneach, lán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de. Tá impleachtaí tromchúiseacha do gach cuid den tsochaí ó thaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide de. Tá impleachtaí ann freisin don soláthar a dhéanann an Státseirbhís agus an fheidhm atá sí a thabhairt do ghealltanais gníomhaithe ar son na haeráide. Sáróidh an Státseirbhís an creat beartais féin a mhúnlú agus beidh mar eiseamláirí ar an dea-chleachtas maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide.
- Is mó ná riamh an infheistíocht atáthar a dhéanamh i seirbhísí poiblí agus ní mór don Státseirbhís, i gcomhar leis an tSeirbhís Phoiblí, a chinntiú go mbainfear amach na torthaí agus na sochair atá beartaithe ón infheistíocht seo.
- Tagann deiseanna leis na forbairtí teicneolaíochta maidir lenár seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá níos inrochtana, imeasctha agus digiteach. Is féidir linn freisin tuilleadh éifeachtúlachta a aimsiú agus léargais níos doimhne a fháil tríd an uathoibríocht, an intleacht shaorga, anailísíocht agus réitigh eile a úsáid. Tá uaillmhian lenár gcuid pleananna agus tugann an Plean Gnímh seo na bloic dúinn a bheidh mar dhúshraith againn don cheannaireacht sa digitiúchán.

Athrú uaillmhianach

Is uaillmhianaí ná riamh na pleananna atá faoi na trí théama anseo. Tógfaimid ar an taithí a fuarthas sa fhreagairt don phaindéim agus foghlaimeoimid na ceachtanna don todhchaí chun an t-athrú fadtéarmach a chinntiú agus ár soláthar seirbhísí a leasú.

Tiocfaimid i dtír ar ár saineolas comónta leis an oibriú tras-rialtais agus leis an nuálaíocht. Dá bharr is mó an tsolúbthacht a bheidh againn freagairt ar bhealach comhordaithe do na dúshláin is práinní. Tógfaimid céimeanna lena chinntiú go mbeidh na struchtúir chearta rialachais againn agus an acmhainn agus an cumas pleananna an Rialtais a chur i bhfeidhm.

An Státseirbhís a bheas mar cheann feadhna sa chlár oibre in aghaidh an athraithe aeráide, agus cabhróidh sí leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2021 a chur i bhfeidhm tríd an gcomhoibriú ar fud Ranna an Rialtais agus leis na Comhlachtaí Stáit. Beidh sí chun tosaigh maidir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 a chur i bhfeidhm agus beidh sí ag obair i gcomhar leis na hearnálacha eile den tSeirbhís Phoiblí chun an clár fadtéarmach infheistíochta a sheachadadh a mbeidh ról suntasach aige maidir le tabhairt faoi na deiseanna agus na dúshláin atá os comhair na tíre.

Cuirfimid an Plean Gnímh seo i bhfeidhm agus oibreoimid ar réitigh do na dúshláin shuntasacha atá os comhair na tíre.

Leagtar amach sa Straitéis CSR2030 treo soiléir do na deich mbliana romhainn. Ainneoin go bhfuil imlíne sa Phlean Gnímh seo, CSR2024, ar na tosaíochtaí a bheidh ann go ceann trí bliana, tá macalla ann ar na téamaí agus na tosaíochtaí atá sa Chreat Straitéiseach CSR2030, mar atá:

- Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht a Neadú
- Lucht Saothair, Láthair Saothair agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht
- Beartas agus Seirbhísí le Bonn Fianaise

Má chuirimid na tosaíochtaí tábhachtacha seo ar fáil faoi dheireadh na Straitéise seo, éireoidh linn maidir le huaillmhian CSR2030 go mbeadh an Státseirbhís nuálach, gairmiúil agus solúbtha, go gcuirfeadh sí feabhsú ar shaol na hÉireann tríd an scothsholáthar seirbhíse, agus an fhorbairt straitéiseach bheartais. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis an bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara chun an Plean Gnímh seo a chur i bhfeidhm chun leas na tíre go léir.

Bord Bainistithe na Státseirbhíse

2 Plean Gnímh

Téama 1: Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht a Neadú

Tá fás as cuimse ag teacht ar an teicneolaíocht agus is iomaí deis a bhaineann lena feidhmiú maidir le torthaí sóisialta agus eacnamaíocha a fheabhsú inár sochaí. Tá forbairtí ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide tar éis athrú ó bhun a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid agus a ndéanaimid idirghabháil lena chéile, agus is mó a t-ionchas anois maidir le seirbhísí poiblí faoi chumas na teicneolaíochta. Tá géarú de bharr na paindéime COVID-19 ar ionchas an phobail maidir le heispéireas líofa pearsanta nuálaíoch. Bhí an Státseirbhís ábalta freagairt go cuimsitheach maidir le seirbhísí a sholáthar le linn na paindéime agus lena linn sin tapaíodh deiseanna a tháinig le teicneolaíochtaí éiritheacha agus bhí réitigh nuálaíocha ar fáil ar dheacrachtaí. Léiríodh an méid a bheadh indéanta, agus tá an bealach réitithe anois ag an Státseirbhís bheith níos solúbtha maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun seirbhísí nuálaíocha dírithe ar chustaiméirí a sholáthar.

Le gur fearr a thacófar le geilleagar agus le sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann agus amach anseo, ní mór dúinn an deis a thapú go fonnmhar leas a bhaint as teicneolaíochtaí éiritheacha agus bheith nuálach maidir leis an gcaoi a mbímid ag obair, agus freastal ar an Rialtas agus ar an bpobal. Is féidir le nuálaíochtaí teicneolaíochta cabhrú linn tabhairt faoi thionchair an athraithe aeráide agus iad a bhainistiú. Cuirfidh an chéad Phlean Gnímh trí bliana seo an t-ardán riachtanach ar fáil chun ár gcuspóirí straitéiseacha deich mbliana a bhaint amach. Tógfar ar dhúshraith láidir chun seirbhís dhigiteach rialtais, den scoth domhanda a chruthú atá iontaofa, tuisceanach, cuimsitheach agus an úsáideoir mar fhócas aici. Tógfaimid ar an dul chun cinn atá déanta sa digitiú ar ár seirbhísí agus ag forbairt ár gcóras trí Straitéis nua Dhigiteach agus TEF a chur i bhfeidhm don tSeirbhís Phoiblí.



Ag riar ar an éileamh ar sheirbhísí digiteacha

Má chuirtear an mórphobal i gceartlár na seirbhísí digiteacha beidh réitigh dhigiteacha níos inrochtana iontaofa luachmhaire ann. Cuirtear bealach na hEorpa don Deichniúr Digiteach ar fáil in Digital Compass 2030,[1] agus leagtar amach roinnt spriocanna ansin lena n-áirítear bunscileanna digiteacha bheith ag 80% de dhaonra an AE.

Is iomaí sin tionscnamh digiteach atá ina thús in Éirinn, agus moil nuálaíochta agus fiontraíochta lenar féidir linn comhoibriú agus ónar féidir linn foghlaim chun ár gcur chuige digiteach a shaibhriú ina iomláine. Tá fás i gcónaí ar an éileamh ar sheirbhísí 24/7 a bhíonn de shíor ar fáil, agus tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas maidir le seirbhísí digiteacha a chur ar fáil don phobal agus do ghnólachtaí. Tá ról barrthábhachtach ag an Státseirbhís maidir le tacú le heispéireas úsáideora níos aontaithe líofa pearsanta don phobal. Má chuirimid lenár n-aibíocht dhigiteach, má imeascaimid réitigh reatha, agus má shainaithnímid deiseanna nua ar an éifeachtúlacht, gheobhaimid an líon is mó sochar atá ar fáil don phobal ón digitiúchán.

Acmhainneacht agus iontaofacht a mhéadú sa soláthar digiteach

Má chothaítear meon 'Digiteach ar dTús' i measc na foirne spreagfar tuilleadh oscailteachta agus is mó an toil chun digitithe a bheidh ann. Mar sin féin beimid aireach faoi riachtanais an phobail agus cinnteofar go mbeidh rochtain ar sheirbhísí ag gach cuid den phobal. Beidh dúshlán áirithe ag baint le foireann oilte a earcú agus a choinneáil chun tacú lenár dturas digiteach tharla go bhfuil ardéileamh ar an saineolas seo sa gheilleagar. Leagann Scileanna Teicneolaíochta na hÉireann 2022 amach cuspóir uaillmhianach méadú thar 65% faoi dheireadh 2022 a dhéanamh ar an líon foghlaimeoirí a chéimníonn le hardoiliúint TEF. Má dhéantar forbairt ar scileanna agus ar eolas ár bhfórsa saothair, agus na huirlisí agus na córais á gcur ar fáil i rith an ama, tacófar lenár muintir fáisceadh ar an teicneolaíocht. Tá tionscnaimh ar nós na Scéime Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a chuirfidh oiliúint bhunúsach dhigiteach ar fáil don phobal, chun na scileanna a thabhairt dóibh is riachtanach chun úsáid agus tairbhe a bhaint as na sochair ar fad a thagann le húsáid na seirbhísí digiteacha. Is mó an mhuinín a chothófar má bhíonn oscailteacht agus trédhearcacht ann don phobal. Má aimsítear iontaoibh sna réitigh dhigiteacha agus má dhírítear ar shábháilteacht, ar shlándáil agus ar phríobháideacht na réiteach sin, is mó an meas a bheidh ar ár gcur chuige iomlán digiteach agus cinnteofar freisin go mbeidh gach seirbhís ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir leis an gcosaint sonraí.

Tiomantas don nuálaíocht amach anseo

Má choinnítear an pobal i gceartlár an chur chuige digiteach againn leasófar luach na seirbhísí poiblí chun riar ar riachtanas agus ar ionchais ár gcuid pobal. Oibreoimid leis an bpobal chun réitigh a aimsiú le chéile trí éisteacht lena n-eispéiris agus foghlaim uathu. Is tábhachtach an cultúr ceart a chruthú don nuálaíocht má táthar le tacú lenár gcóras oiriúnú mar fhreagairt don athrú atá le teacht. Ní mór mar sin scileanna nuálaíochta ár bhfórsa saothair a chothú agus a leasú agus iad a dhéanamh compordach ag triail smaointe nua agus ag glacadh leis an teip má tharlaíonn sé. Is ríthábhachtach go ndéantar eolas a chomhroinnt ar fud na Seirbhíse Poiblí. Má spreagtar an fhoireann chun a dtaithí sa nuáil a roinnt agus má chruthaítear deiseanna comhoibrithe is mó an oscailteacht chun nuála a bheas ann ar fud na Státseirbhíse. Má nasctar le lucht nuála eile ar fud an éiceachórais níos leithne beifear in ann ár réitigh a chruthú de réir scála agus tógáil ar an rathúnas a bhí ann cheana. Croíchuid den nuáil is ea an smaoineamh chun tosaigh agus breathnú ar an aimsir romhainn. Má dhéantar monatóireacht leanúnach ar threochlaonta agus ar fhorbairtí éiritheacha, is féidir linn measúnú a dhéanamh ar dheiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí nuálacha. Cabhróidh an comhoibriú le saineolaithe seachtracha maidir le dícheall a bhaint as acmhainn na Státseirbhíse teicneolaíochtaí nua a ghlacadh agus a neadú.

1 Eascraíonn an Compás Digiteach as ceithre chroíphointe: Scileanna, Bonneagair, Gnó agus Rialtas.

Ár n-uaillmhian 2030 a sholáthar



Plean Gnímh Digiteach ar dTús

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 Seirbhísí digiteacha a aithnítear fud na cruinne a thógáil trína gcruthú lenár bpáirtithe leasmhara agus an pobal, á chinntiú gur ar líne a úsáidtear 90% de sheirbhísí infheidhme	• Cuirfimid an pobal i gceartlár na seirbhísí digiteacha chun réitigh luachmhara a chruthú arna múnlú ag riachtanais agus ag éilimh an phobail. Déanfar seirbhísí a dhearadh leis an bprionsabal go gcuirfear leis an rochtain do chách. Chuige seo bunóimid bonnlíne maidir leis an áit a bhfuilimid i láthair na huaire ó thaobh an tsoláthair dhigitigh de.
	• Déanfaimid comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus déanfar comhairle leis an bpobal chun seirbhísí a thógáil a n-aithnítear a bhfeabhas ar fud na cruinne.
	• Cuirfidh muid feidhmiú chun cinn ar na 8 ngníomh GovTech a sainaithníodh i dtuairisc Cruinniú chun tacú le geilleagar na hÉireann trí theicneolaíochtaí éiritheacha a chur i bhfeidhm chun athmhúnlú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid seirbhísí a sholáthar.
2 Seirbhísí 24/7 a thógáil a chuireann réitigh dhigiteacha leanúnacha imeasctha ar fáil ó cheann ceann na seirbhíse	• Cuirfimid cur chuige chun cinn ina bhfuil céimeanna soiléire chun na seirbhísí digiteacha. Chun seo a bhaint amach, ní mór gach seirbhís nua a fhorbairt le MyGovID (sa chás gurb é an t-úsáideoir a thionscnaíonn), an chibearshlándáil, an trédhearcacht, an príobháideachas agus an athúsáid sonraí mar bhunphrionsabail.
	• Cuirfimid ar fáil an chéad iarracht ar Gheata d'Imeachtaí Saoil, mar shampla chun breith nó bás a chlárú.
3 Fórsa saothair oilte sa digitiúchán a thógáil, rud a éascóidh cultúr 'Digiteach ar dTús' a fhíorú sa Státseirbhís	• Déanfaimid forbairt ar scileanna agus ar eolas ár bhfórsa saothair, agus déanfaimid tallann nua a mhealladh agus a choinneáil, rud a ligfidh dúinn acmhainn dhigiteach a thógáil agus an clár oibre digiteach a luathú. • Cuirfimid an oiliúint, na huirlisí digiteacha agus na córais ar fáil a thacóidh lenár bhfoireann chun fáisceadh ar an teicneolaíocht mar chuid dá ngnáthobair. • Cuirfimid deiseanna ar fáil don fhoireann athoiliúint a dhéanamh más riachtanach chun riar ar éilimh éiritheacha ar chroíscileanna digiteacha agus sonraí.
	• Déanfaimid Straitéis Gairmiúlachta TEC a fhorbairt agus a fhoilsiú agus bunóimid na struchtúir rialachais a chabhróidh lena cur i bhfeidhm • Beidh cumas Digiteach san áireamh amach anseo sa Chreat Cumais Státseirbhíse ag gach leibhéal.
4 Muinín an phobail a chothú i sábháilteacht, i dtrédhearcacht agus i luach na réiteach digiteach	• Beimid níos oscailte agus níos trédhearcaí leis an bpobal maidir leis an dul chun cinn digiteach, chun gur mó a n-iontaoibh maidir leis na réitigh a chuirtear ar fáil.
	• Díreoimid ar shlándáil, ar shábháilteacht agus ar láidreacht na réiteach, agus cinnteoimid go mbeidh na forálacha cearta reachtúla socraithe sa chaoi go mbeidh ár gcur chuige digiteach ina iomláine níos iontaofa.

Plean Gnímh Nuálaíocht a Neadú

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 Nuáil a thógáil thart ar shaoránaigh trí shaoránaigh agus úsáideoirí a chur sa lár	• Déanfaimid fiosrú agus pleanáil faoi bhealaí chun dul i ngleic lenár bhfoireann agus leis an bpobal agus eile chun comhairle a fháil faoi dhearadh agus faoi sholáthar seirbhísí. Déanfar sin de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus cuirfear san áireamh smaointeoireacht deartha, dearadh seirbhísí agus mapáil ar aistear an chustaiméara.
	• Tabharfaimid faoi fheachtas feasachta ar fud na Státseirbhíse chun leas a bhaint as taithí na foirne a bhíonn ag plé le custaiméirí agus á n-ionad sainiúil siúd a úsáid chun aiseolas a ghabháil agus bealaí a aithint chun seirbhísí a fheabhsú.
	• Déanfaimid forbairt ar phrótacal ina bhfuil an t-úsáideoir lárnach, agus cuirfear sin chun cinn in éineacht le treoirlínte a léireoidh tábhacht, luach agus tionchar ionchur an phobail maidir le dearadh agus le soláthar seirbhísí.
2 Cultúr nuála a chruthú ina bhfuil sé de chumas ag gach ball foirne nuáil a thionscnamh	• Breacfaimid go córasach ár ngealltanas maidir leis an nuáil a thiomáint i gcáipéisí tábhachtacha corparáideacha ar nós Ráiteas Straitéise, pleananna gnó eagraíochtaí, pleananna gnímh nuálaíochta agus ráitis inghlacthachta riosca.
	• Socróimid meicníochtaí agus córais chun an nuáil a aithint agus chun tacú léi agus infheistiú inti.
	• Leanfar den oiliúint a thairiscint don fhoireann maidir le conas bheith ag nuáil agus forbairt ghairmiúil leanúnach do cheannairí ar fud na Státseirbhíse.
	• Cuirfimid bonn foirmiúil faoin nuáil a chur san áireamh sna croíchumais i gcúrsaí earcaíochta ag na gráid chuí, agus beidh macalla freisin ar an nuálaíocht i bpróifílí ról.
3 Nuáil a mhéadú chun scála tríd an obair ar fud earnálacha agus eagraíochtaí	• Cuirfimid saoráidí leasaithe ar fáil do státseirbhísigh agus oibrithe sa tseirbhís phoiblí chun tacú le nuáil agus le comhoibriú traseagraíochta, tríd na modheolaíochtaí is déanaí a úsáid agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha.
	• Bainfimid feidhm as an eolas atá ag eagraíochtaí Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí atá tar éis nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm go rathúil chun cabhrú leo siúd in áit eile a bhfuil scileanna nó oiliúint den chineál chéanna ag teastáil uathu.
	• Déanfaidh eagraíochtaí Státseirbhíse tionscnaimh agus tionscadail thábhachtacha a shainaithint ina bhfuil an nuálaíocht le brath, agus a bhfuil de chumas iontu go gcuirfí i bhfeidhm iad, de réir scála, sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí.
	• Déanfaimid comhoibriú leis an éiceachóras níos leithne chun réitigh chomhfhorbartha a chur chun cinn, le meicníochtaí ar nós rúideanna nuálaíochta agus féilte haiceála.
4 Nuáil chlaochlaitheach a thiomáint tríd an Státseirbhíse leis an athrú ceannródaíoch	• Bunóimid feidhm réamhfhaisnéise chun scagadh a dhéanamh ar réitigh náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar threochlaonta agus ar fhéidearthachtaí éiritheacha chun bonn eolais agus treorach a chur ar fáil le haghaidh nuálaíochtaí amach anseo.
	• Beidh ionadaíocht againn ar an mBord nua Comhairleach um Nuáil sa tSeirbhís Phoiblí, a bhfuil meascán de státseirbhísigh agus de sheirbhísigh phoiblí air, agus daoine lasmuigh den tSeirbhís Phoiblí agus an rún aige fís straitéiseach, maoirseacht agus treoir a chur ar fáil d'fheidhm nuála na Státseirbhíse.
	• Spreagfaimid úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha ar fud na Státseirbhíse tríd an triail agus an turgnamh, agus tríd an gcomhoibriú leis an earnáil phríobháideach, tionscnaimh ghnó agus an lucht acadúil a dhéanfaidh forbairt ar an eolas agus ar an taithí chun an glacadh leis an teicneolaíocht a neadú a thuilleadh ar fud na Státseirbhíse.

Téama 2: Lucht Saothair, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

Má dhéanaimid forbairt ar ár ndaoine agus ar ár láithreacha oibre tógfar Státseirbhís níos solúbtha aclaí don aimsir romhainn. Má dhéanaimid á bhfoireann a chumasú agus ár gcuid struchtúr a leasú is mó an tsolúbthacht, an ilchineálacht agus an comhoibriú a bheidh le brath ar fhórsa saothair na Státseirbhíse. Má thugaimid na scileanna, na huirlisí agus na hacmhainneachtaí cearta don fhoireann chun riar ar na riachtanais ghnó, mar chuid de chur chuige níos aclaí i dtaca le pleanáil don lucht saothair, cinnteofar go mbeidh ár Ranna agus ár gcuid Oifigí in ann riar ar dhúshláin an lae inniu agus na todhchaí.

Bealaí nua oibre agus foireann a mhealladh

Tá an Státseirbhís tiomanta gur rogha fostóra a bheidh inti. Is mian linn lucht saothair oilte ilchineálach a earcú agus iad a choinneáil. I bhfianaise riachtanais ghnó atá ag teacht chun tosaigh, agus an méid atá le foghlaim ón bpaindéim COVID-19, bainfimid leas as na deiseanna seo chun bheith níos solúbtha agus níos nuálaíche inár gcuid modhanna oibre le gur fearr an freastal a dhéanfaimid ar ár bpobal.

Má chruthaítear spásanna comhroinnte agus deiseanna le go mbeidh foirne ó ranna difriúla in ann bheith

ag obair ar thionscadail, spreagfar comhoibriú agus nuálaíocht. Beidh tábhacht mhór le dícheall úsáide a bhaint as teicneolaíochtaí éiritheacha agus sinn ag iarraidh múnlaí oibre solúbtha a sholáthar.

Pleanáil do na scileanna atá de dhíth orainn

Má bhíonn cur chuige níos straitéisí againn sa phleanáil saothair, is fearr a bheimid ábalta pleanáil agus fás amach sa todhchaí. Déanfar pleanáil éifeachtach lucht saothair ag an leibhéal áitiúil agus an cuspóir againn riachtanais lucht saothair a bhainistiú chun riar ar an dúshlán a bhaineann leis an líon ard imeachtaí ar scor amach anseo. Má bhíonn de chumas againn léargas cuimsitheach a fhorbairt ar ár riachtanas comónta cumais agus acmhainneachta, is fearr a bheimid ábalta sainaithint a dhéanamh ar aon bhearnaí agus tabhairt faoi iad a líonadh. Déanfar imeascadh idir seo agus cinntí níos leithne san eagraíocht maidir leis an bpleanáil ghnó, buiséad, earcaíocht agus próisis foghlama agus forbartha.

Ní hionann an chaoi a mbeifear ag cur seirbhísí ar fáil amach anseo agus an chaoi a ndéantar sin ar an aimsir seo. Tá aistriú le brath cheana i dtreo na múnlaí digiteacha, rud a éileoidh eolas agus scileanna nua chun tacú le forbairt agus le bainistiú na seirbhísí seo. Má dhéanaimid uasdátú ar an gCreat Cumais Státseirbhíse is féidir linn a chinntiú go mbeidh macalla ann ar na riachtanais ar scileanna idir reatha agus amach anseo.

Tá barrthábhacht le ról an bhainisteora daoine ó thaobh an tsoláthair de agus déanfaimid forbairt ar ár mbainisteoirí daoine chun go mbeidh scileanna ceannaireacht agus bainistithe acu d'eagraíocht na Státseirbhíse amach anseo. Sa chaoi go mbeidh ardfheidhmiúlacht i ngach ról agus post againn, déanfaimid athbhreithniú ar ár mbeartas agus ár gcultúr bainistithe feidhmiúcháin

Sa chaoi go mbeidh an Státseirbhís mar rogha fostóra, déanfaimid cumarsáid shoiléir faoin luach atá le gairmeacha sa Státseirbhís, rud a bheidh tábhachtach maidir le daoine a bhfuil buanna acu a mhealladh agus a fhorbairt ó gach pobal. Cuirfear an bhéim ar Chomhionannanas, Ilchineálacht agus Cuimsitheacht (EDI) agus sinn ag soláthar tionscadal agus straitéisí HR, agus leis sin cruthófar dálaí níos cothroime oscailte cuimsithí don fhoireann. Is fearr dá réir sin a bheidh an déantóireacht cinntí, beidh méadú ar an táirgiúlacht agus an nuálaíocht agus macalla níos dílse sa Státseirbhíse ar shochaí na hÉireann.

Cur chuige leasaithe maidir leis an HR

Mar chuid den fhorbairt ar an Straitéis Daoine is déanaí don Státseirbhís, táimid ag déanamh measúnú ar ár gcumas neartú agus éagsúlú a dhéanamh ar ár gcuid feidhmeanna HR. Is fearr a thacóimid le riachtanais ghnó má dhéanaimid forbairt ar ár múnla oibriúcháin HR. Má dhéanaimid leasú ar ár saineolas is leanúnaí agus is nua-aimseartha a bheidh ár gcur chuige maidir le bainistiú HR sa Státseirbhís. Tá barrthábhacht le leasú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith an bhailithe sonraí agus na hanailísíochta le go mbeidh bonn fianaise faoi na cinntí a dhéanfaimid. Fiosróimid an acmhainn go ndéanfaí forbairt ar chóras Bainistithe Caipitil Dhaonna (HCM) a dhéanfaidh aistriú ar fheidhmeanna traidisiúnta na ranna HR, ar nós earcaíocht, oiliúint, párolla agus bainistíocht feidhmiúlachta, agus a chruthóidh deiseanna an teagmháil agus an táirgiúlacht a thiomáint.

Ár gcuid eagraíochtaí a fhorbairt

Ba chóir go dtacódh ár struchtúir eagraíochtúla lenár bhfórsa saothair bheith ag obair ar bhealach níos solúbtha oscailte comhoibrithí. Má ghlacaimid le bealaí nua oibriúcháin laistigh den struchtúr againn beidh deis againn leanúint de bheith ag riar ar riachtanas an phobail. Leanfaidh an Clár Athbhreithnithe Acmhainne Eagraíochtúil den chúnamh a thabhairt do Ranna agus d'Oifigí chun cur lena bhforbairt eagraíochtúil. Beidh athrú ar ár láthair oibre agus ar ár múnlaí oibre de réir mar a bheidh athrú ar nadúr na hoibre agus ar an éileamh ar ár seirbhísí. Má chuirimid síneadh lenár socruithe maidir le seirbhísí comhroinnte d'fheidhmeanna corparáideacha ar fud na Státseirbhíse is lú an t-ualach riaracháin a bheidh ar eagraíochtaí agus is mó is luach a bheidh leis an méid a chuirfimid ar fáil don phobal.

Ár gcultúr a chothú

Tógfaimid ar thorthaí an tSuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse 2020, agus fiosróimid deiseanna chun tionscnaimh a thiomáint ar fud na Státseirbhíse chun tabhairt faoi théamaí a mbíonn dúshlán leanúnach leo ar fud Ranna agus Oifigí Státseirbhíse. Leanfar de shuirbhé a dhéanamh ar an bhfoireann chun a léargas a aimsiú agus a dtuairimí agus iad a úsáid mar eolas dár gcur chuige maidir le forbairtí sa láthair oibre sa chéad iarracht eile ar Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe. Aibhsíonn an phaindéim COVID-19 an tábhacht atá le cosaint agus neartú a dhéanamh ar fholláine ár bhfoirne agus tionscnófar rudaí eile le linn an Phlean seo a thacóidh leis an bhfoireann ar fud na Státseirbhíse. Má chruthaítear cultúr don fhoireann a thagann lenár luachanna is fearr a bheimid ag feidhmiú mar Státseirbhís. Aithneoimid agus déanfaimid ceiliúradh ar rathúnas na foirne leis na Duaiseanna Feabhais agus Nuálaíochta Státseirbhíse, mar chuid dár gcuid oibre chun luachanna na Státseirbhíse a athneartú. Tá an Státseirbhís tiomanta don teanga dhúchais a chur chun cinn tríd an bPlean Náisiúnta don Soláthar Seirbhísí i nGaeilge a chur i bhfeidhm.

Ár n-uaillmhian 2030 a sholáthar

Creat CSR2030

Lucht Saothair Amach Anseo

- Múnlaí oibre solúbtha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm
- Creat nua pleanála don lucht saothair a fhorbairt agus a thabhairt isteach
- Tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt ar scileanna tábhachtacha don lucht saothair amach anseo
- Leanúint den fhorbairt ar acmhainneacht straitéiseach HR

Láthair Oibre Agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus cinn a chur ar fáil a chothaíonn an tsolúbthacht agus an comhoibriú
- Ár láithreacha oibre a athshamhlú sa chaoi gur fearr an tseirbhís don phobal
- Acmhainn seirbhísí comhroinnte a leathnú agus a uasmhéadú
- Comhionannas, ilchineálacht, ionchuimsitheacht an lucht saothair a chothú
- Cultúr dearfach a chothú sa láthair oibre a thagann go dílis le luachanna na Státseirbhíse

Soláthar CSR2024

- Feidhmiú déanta ar Chreat Obair Chumaiscthe Státseirbhíse
- Fiosrú déanta faoi mhúnlaí oibre agus bealaí oibre solúbtha
- Pleananna lucht saothair socraithe i Ranna agus in Oifigí
- Forbairt déanta ar mheicníocht chun riachtanais reatha agus feasta sa Státseirbhís
- Ailíniú déanta idir próisis earcaíochta agus riachtanais ghnó
- Athleasú déanta ar chumais do Lucht Saothair Amach Anseo na Státseirbhíse
- Athbhreithniú curtha i gcrích ar bheartas, ar chultúr agus ar phróisis an bhainistithe feidhmiúlachta
- Athneartú déanta ar scileanna agus ar chumas ceannaireachta ag gach leibhéal
- Conairí breise chun tallann a mhealladh agus a fhorbairt
- Seirbhísí agus tacaíochtaí infheidhme éifeachtúla HR ar fáil ar fud na Státseirbhíse
- Lucht Saothair níos Ilchineálaigh sa Státseirbhís
- Cruinniú sonraí, tuairisciú agus anailís a bhfuil an Comhionannas, Ilchineálacht agus an Ionchuimsitheacht (EDI) mar fhócas aige
- Tús curtha leis an obair ar Chóras Bainistíochta Caipitil Dhaonna (HCM) chun aistriú a dhéanamh ar ár gcórais HR agus párolla agus iad a imeascadh.

- Athbhreithniú déanta ar struchtúr eagraíochtúil agus ar dhearadh na Státseirbhíse
- Múnla leasaithe luathaithe soláthair don Chlár Athbhreithnithe Acmhainneachta Eagraíochta
- Láithreacha oibre aclaí solúbtha ann a riarann ar riachtanais ghnó agus a chuireann seirbhísí níos fearr ar fáil don phobal
- Leathnú déanta ar an raon seirbhísí a shainaithnítear don Státseirbhís
- Athdhearbhú déanta ar chultúr agus ar luachanna na Státseirbhíse
- Leasú déanta ar an gclár Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse
- Méadú ar sholáthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge

Plean Gnímh Láthair Oibre Amach Anseo

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 **Múnlaí oibre solúbtha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm**	• Déanfaidh Ranna agus Oifigigh bealaí oibre níos solúbtha nuálaíche a fhorbairt, laistigh de Chreat don obair Chumaiscthe • Déanfaimid fiosrú faoi réimse múnlaí oibre solúbtha • Déanfaimid fiosrú agus athbhreithniú faoi roghanna sa soláthar seirbhíse agus riachtanais bhainteacha ar mhúnlaí oibre
	• Cuirfimid foirne ilchineálacha ildisciplíne le chéile chun tabhairt faoi shaincheisteanna a éilíonn ionchur a théann thar theorainneacha na rannóg agus na n-eagraíochtaí.
2 **Creat nua pleanála don lucht saothair a fhorbairt agus a thabhairt isteach**	• Cuirfimid fuinneamh nua sa phleanáil don lucht saothair agus a luach, agus déanfaimid a imeascadh ina iomláine sna próisis pleanála gnó, buiséid, earcaíochta agus foghlama agus forbartha.
	• Bunóimid Grúpa Oibre Sinsearach ildisciplíneach chun urraíocht agus ceannaireacht a chur ar fáil don neadú agus don athbhreithniú ar phleanáil straitéiseach lucht saothair ar fud na Státseirbhíse.
	• Déanfaimid plean bainistithe athraithe a dhearadh chun an phleanáil lucht saothair a neadú agus plean a chur i bhfeidhm a neartóidh an acmhainn pleanála lucht saothair. • Déanfaimid athbhreithniú ar ár bpróisis earcaíochta agus ceapacháin, lena chinntiú go mbeidh siad ag teacht go cruinn lenár riachtanais ghnó.
3 **Tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt ar scileanna tábhachtacha don lucht saothair amach anseo**	• Déanfaimid forbairt ar chlár scileanna Státseirbhíse, rud is gné thábhachtach den phleanáil straitéiseach lucht saothair. Beifear in ann dá bharr an úsáid is fearr a bhaint as acmhainneachtaí agus as scileanna chun seirbhísí poiblí ar ardcháilíocht a chur ar fáil agus tabhairt faoi dhúshláin chasta uile-Rialtais.
	• Déanfaimid athbhreithniú agus uasdátú ar chreat cumais na Státseirbhíse chun macalla a dhéanamh ar riachtanais reatha agus feasta i dtaca le heolas, scileanna agus iompar.
	• Tabharfaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach ar bheartas agus ar chultúr bainistithe feidhmiúlachta na Státseirbhíse chun an fheidhmiúlacht éifeachtach a chur chun cinn i measc daoine, bainisteoirí, foirne, eagraíochtaí agus ar fud an Rialtais.
	• Cuirfimid chun cinn cultúr iompar oiliúna agus meantóireachta ag bainisteoirí daoine agus ag ceannairí sinsearacha. Déanfaimid forbairt ar thionscnaimh foghlama agus forbartha maidir le gné bainistithe daoine ról na mbainisteoirí. Beidh teacht ag bainisteoirí daoine ar réimse méadrachtaí daoine a bheith mar eolas agus mar thaca acu ina ról.
	• Déanfaimid forbairt ar réimse leathan cúrsaí nua OneLearning chun tacú le státseirbhísigh a róil a chur díobh go héifeachtach.
	• Leanfaimid den tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt ar scileanna agus ar acmhainneachtaí ceannaireachta ag gach leibhéal, lena n-áirítear Creat Bainistithe Tallainne don Státseirbhís. • Déanfaimid athbhreithniú ar chonairí reatha agus forbairt ar chinn nua chun daoine tallannacha a mhealladh chun oibre sa Státseirbhís agus iad a fhorbairt, agus daoine san áireamh ó phobail nua ilchineálacha.
	• Déanfaimid cruinniú sonraí, tuairisciú agus anailís dírithe ar Chomhionannas, Ilchineálacht agus Ionchuimsitheach (EDI), agus an Múnla Aibíocht EDI mar bhonn eolais againn.

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
	• Déanfaimid forbairt ar fheachtas feasachta agus cuirfear oiliúint EDI ar fáil don fhoireann ar fad. • Beidh cur chuige rialtais uile againn i dtaca le forbairt a dhéanamh ar luach tairisceana don Státseirbhís, agus cumarsáid a dhéanamh i dtaca leis.
4 **Leanúint den fhorbairt ar acmhainneacht straitéiseach HR**	• Cuirfimid i gcrích an tionscnamh píolótach Múnla Oibriúcháin HR tríd na céimeanna dearadh agus feidhmiú, agus an toradh a bheidh air ná moltaí le meas le haghaidh a scaipeadh ar fud na Státseirbhíse.
	• Rachaimid i bpáirtíocht le comhlacht gairmiúil chun an aitheantas agus méadú a dhéanamh ar an ngairmiúlacht HR sa Státseirbhís.
	• Bunóimid foireann tionscadail agus déanfar forbairt ar chás gnó do Chóras Bainistithe Caipitil Daonna (HCM) a dhéanfaidh aistriú ar fheidhmeanna traidisiúnta na rannóg HR, mar shampla an earcaíocht, an oiliúint, an párolla agus an bhainistíocht feidhmiúlachta, go ndéanfar deiseanna díobh an rannpháirtíocht agus an táirgiúlacht a thiomáint.

Plean Gnímh Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus cinn a chur ar fáil a chothaíonn an tsolúbthacht agus an comhoibriú	• Déanfaimid athbhreithniú ar an múnla soláthair don phróiseas Athbreithnithe Acmhainneachta Eagraíochta, agus déanfar an clár a luathú. Leanfaimid de na moltaí a dhéanamh chun feabhsú agus tacú a dhéanamh ar an bhforbairt eagraíochtúil, agus cabhróimid le heagraíochtaí aon athruithe a chur i bhfeidhm.
	• Críochnóimid an t-athbhreithniú ar struchtúr agus ar dhearadh eagraíocht na Státseirbhíse, agus déanfar forbairt ar phlean chun na torthaí is suntasaí a chur i bhfeidhm.
2 Ár láithreacha oibre a athshamhlú sa chaoi gur fearr an tseirbhís don phobal	• Bainfimid dícheall leasa as ár láithreacha oibre chun riar ar riachtanais athraitheacha na foirne agus tacú níos fearr le riachtanais ghnó agus le soláthar seirbhísí don phobal.
	• Tapóimid na deiseanna a thiocfaidh le teicneolaíochtaí nua éiritheacha chun tacú leis an gcaoi, leis an áit agus leis an am a ndéanaimid soláthar chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus éifeachtúlacht.
	• Cuirfimid láithreacha oibre ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh don chomhoibriú agus don nuáil.
3 Acmhainn seirbhísí comhroinnte a leathnú agus a uasmhéadú	• Déanfaimid réimsí nua oibre a aithint a mbeadh an múnla seirbhísí comhroinnte lena leas.
	• Déanfaimid athbhreithniú agus iniúchadh ar bhealaí chun tuilleadh leasa a bhaint as na sochair fhéideartha a thagann le seirbhísí comhroinnte agus deiseanna a thapú san am céanna ó na teicneolaíochtaí éiritheacha.
	• Críochnóimid feidhmiú na gcéimeanna tosaigh den tSeirbhís Chomhroinnte Bainistithe Airgeadais.
4 Cultúr dearfach ionchuimsitheach a chothú sa láthair oibre a thagann go dílis le luachanna na Státseirbhíse agus a thacaíonn le folláine oibrithe	• Déanfaimid athbhreithiniú agus athnuachan ar ár gcultúr agus ár luachanna mar Státseirbhís. Déanfaimid forbairt ar fheachtas cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fud na Státseirbhíse chun ár luach tairisceana a bhunú.
	• Tacóimid le bainisteoirí daoine chun cultúr ionchuimsitheach láthair oibre a sholáthar trí dheiseanna forbartha a chur ar fáil.
	• Tabharfaimid feidhm don Chreat Sláinte agus Folláine chun tacú le tionscnaimh go leanúnach ar fud na Státseirbhíse agus cosaint agus neartú a dhéanamh ar shláinte agus ar fholláine ár bhfostaithe. Déanfaimid monatóireacht ar shlata tomhais na folláine lenár suirbhéanna leasaithe.
	• Déanfaimid fiosrú faoi dheiseanna le tionscnaimh thras-Státseirbhíse a thiomáint chun tabhairt faoi dhúshláin leanúnacha atá i gcoiteann ag Ranna agus ag Oifigí.
	• Déanfar forbairt ar iarracht eile den Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe chun líomhadh a dhéanamh ar an gcur chuige agus chun tacú le hidirghabhálacha tráthúla.
	• Leanfar den aitheantas agus den cheiliúradh ar rathúnas na foirne agus Ranna agus Oifigí tríd na Duaiseanna Feabhais agus Nuálaíochta Státseirbhíse agus trí imeachtaí aitheantais áitiúla a thacaíonn leis an dea-chleachtas maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár ngnó.
	• Cuirfidh muid chun cinn feidhmiú an Phlean Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Poiblí as Gaeilge.

Téama 3: Beartas agus Seirbhísí le Bonn Fianaise

Tá ríthábhacht le léargais le bonn fianaise sa déantús beartas straitéiseach maith. Tá de chuspóir ag an bPlean Gnímh seo a chinntiú go mbainfidh an Státseirbhís úsáid níos fearr as sonraí, go ndéanfaidh sí forbairt bhreise ar scileanna anailíse agus ar acmhainn na Státseirbhíse agus go ndéanfaidh sí infheistiú inár mbonneagar forbartha beartais. Lena chinntiú go mbeidh an chuid is fearr den chomhairle bheartais á tabhairt againn, déanfaimid bonnlíne den leibhéal reatha acmhainne agus stuchtúr inmheánach agus cuirfimid cultúr nuála agus oscailteachta chun tosaigh tríd an rochtain mhéadaithe agus an rannpháirtíocht sheachtrach agus an comhairliúchán maidir le forbairt bheartais.

Ar na codanna is tábhachtaí den leasú ar acmhainneachtaí déantúis beartais bunaithe ar léargais, tá teacht ar shonraí agus iad a úsáid, tacú le forbairt scileanna agus feabhsú a dhéanamh ar an bhforrochtain agus ar an mbonneagar déantúis bheartais.

- **Sonraí:** Feabhsú a dhéanamh ar an úsáid a bhainfear as sonraí riaracháin atá ar fáil sa chóras, agus cabhrú dá réir le heolas a dhéanamh do chinntiú agus le fadhbanna a réiteach.
- **Scileanna:** Scileanna agus achmainneachtaí cuí a choinneáil lenár bhfoireann chun léargais bheartais a aimsiú i sonraí atá ar fáil.
- **Bonneagar Forbartha Beartais:** Éascaíocht a dhéanamh de chur chuige cónasctha maidir leis an bhforbairt bheartais le bonn fianaise, trí Aonaid Bheartais Straitéisigh agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.



Infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar beartais straitéiseach chun droichead éifeachtach a chruthú idir léargais sonraí agus an beartas poiblí

Má dhéanaimid neadú ar Aonaid Bheartais Straitéiseacha ildisciplíneacha i Ranna déanfar éascaíocht do bheartas ardcháilíochta le bonn fianaise agus beidh struchtúr ann don luacháil dhian trí thimthriall an bheartais ar fad. Oibreoidh na haonaid seo le tacaíochtaí ar fud an chórais agus disciplíní chun feabhsú a dhéanamh ar ár mbonneagar straitéiseach forbartha beartais. Beidh creat caighdeánaithe ann a éascóidh an chomhsheasmhacht sa phróiseas forbartha beartais agus tabharfaidh treoir do lucht a dhéanta. Is cuid thábhachtach den dea-dhéanamh beartais é an measúnú ar thionchair leathana an bheartais phoiblí ar fholláine na sochaí trí chéile, agus beidh nasc le cuspóirí comhionannais agus timpeallachta. I bhfianaise nadúr na ndúshlán atá romhainn tá gá le cur chuige níos comhoibrithí i dtaca leis an déantús beartais agus gá freisin úsáid a bhaint as an taithí agus as an saineolas atá ar fud na Státseirbhíse agus lasmuigh di. Trí dhul i bpáirt leis an bpobal ar bhonn leanúnach agus tarraingt ar pháirtíochtaí straitéiseacha leis an tseirbhís phoiblí agus leis an bpobal taighde ag céimeanna tábhachtacha, is féidir linn luach agus tionchar ár gcuid freagairtí a neartú.

Is casta an gnó é bheith ag bainistiú na neamhchinnteachta ar na saolta athraitheacha seo agus tá na ceachtanna is déanaí seo ón bpaindéim COVID-19 tar éis a aibhsiú dúinn an tábhacht bheith san airdeall agus bheith ullmhaithe don chorraíl mhór. Beidh tionscnamh ann a chinnteoidh go mbeidh Éire réidh le haghaidh dhúshláin amach anseo agus a chomhlánaíonn an próiseas Measúnú Riosca Náisiúnta, agus a chabhróidh le maolúchán a dhéanamh ar an neamhchinnteacht sin. Má dhéanaimid forbairt ar ár n-acmhainn réamhfhaisnéise straitéisí chun radharc níos faide a aimsiú, cabhrófar le pleananna agus cinntí a chosaint slán amach sa todhchaí.

Forbairt a dhéanamh ar ár scileanna agus ár n-acmhainneachtaí chun léargais a fháil ó shonraí

De réir mar a thiocfaimid amach as an bpaindéim COVID-19, ní mór uirlisí agus scileanna a choinneáil lenár bhfoireann chun anailís a dhéanamh ar shonraí agus cabhrú le dul i ngleic leis na saincheisteanna náisiúnta tábhachtacha atá os comhair na tíre, lena n-áirítear Brexit, Athrú Aeráide, tithíocht, easpa dídine agus cúram sláinte. Beidh ról tábhachtach ag an IGEES agus ag Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann (IGSS) maidir le hacmhainneachtaí sonraí agus anailísíochta a choinneáil lenár bhfoireann chun léargais a cheapadh mar bhonn eolais don fhorbairt bheartais agus soláthar seirbhísí poiblí.

Lánacmhainn a bhaint as sonraí poiblí agus an Bonneagar Sonraí Náisiúnta

Tá ról barrtháibhachtach ag sonraí agus faisnéis a chuirean an pobal ar fáil maidir le feabhsú a dhéánamh ar cháilíocht bheartais agus sheirbhísí na Státseirbhíse. Má dhéantar tuilleadh forbartha ar an mBonneagar Sonraí Náisiúnta, faoi cheannas na Lár-Oifige Staidrimh, beidh deis ann cur chuige nuálach a bheith annmaidir le soláthar na léargas a thacóidh leis an bhforbairt bheartais agus leis an soláthar seirbhísí. Leagann sé an dúshraith do mheicníochtaí leasaithe don roinnt sonraí idir Comhlachtaí Poiblí a éascóidh an chinnteoireacht níos fearr bunaithe ar léargais. Má chuirtear i bhfeidhm an Straitéis Sonraí Seirbhíse Poiblí beidh cur chuige níos cónasctha, uile-Rialtais maidir le conas a úsáidtear sonraí agus a bhainistítear iad laistigh den tseirbhís phoiblí.

Má dhéantar a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag an bpobal faoin gcaoi a bhfuiltear ag úsáid, ag bainistiú, ag roinnt agus ag cosaint a sonraí tríd an bpróiseas ar fad is fearr an fheasacht agus an iontaofacht a bheidh ann maidir lenár gcur chuige. Má bhítear i dteagmháil ar bhonn rialta leis an bpobal léireofar go bhfuiltear ag cloí le forálacha reachtúla agus rialála. Cuirfidh muid chun cinn cuspóirí na Straitéise um Sonraí Oscailte trí shonraí rialtais ar ardluach a fhoilsiú i bhformáid oscailte, lena chur ar fáil go poiblí agus saor don athúsáid; agus dul i dteagmháil le pobal leathan páirtithe leasmhara chun a sochair shóisialta agus eacnamúla a chur chun cinn. Méadóidh sé an oscailteacht agus an trédhearcacht idir an Rialtas agus an pobal.

Ár n-uaillmhian 2030 a sholáthar

Creat CSR2030

Forbairt Bheartais Straitéiseach

- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar ár mbonneagar beartais straitéisigh, agus infheistiú ann
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar chur chuige maidir leis an bhforbairt bheartais atá dian, gairmiúil agus bunaithe ar fhianaise
- Tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt agus den fheidhmiú beartais uile-rialtais, agus a dhreasú
- Forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainneacht réamhfhaisnéise straitéisí

Cinntí a dhéanamh le léargas

- Creat a thógáil lena chur in iúl don phobal cén fáth a mbailítear a sonraí agus cén chaoi a n-úsáidtear iad
- Forbairt a dhéanamh ar an tSeirbhís Mheasúnaithe Eacnamaíocht ag Rialtas na hÉireann (IGEES) mar dhroichead éifeachtach idir léargais sonraí agus beartas poiblí
- An Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI) a fhorbairt a thuilleadh chun a chinntiú go mbeidh soláthar agus rochtain ar na sonraí is riachtanach don fhorbairt bheartais

Soláthar CSR2024

- Aonaid Bheartais Straitéisigh ildisciplíneacha ar fud Ranna ina ndéantar cinntí eolacha faoi bheartas trí dhroichead a chruthú idir na léargais ar shonraí agus na cinntí faoi bheartas
- Seolfar Creat nua don Déantús Beartais a Neartú
- Creat dea-chleachtais agus aibíochta don fhor-rochtain bheartais agus an rannpháirtíocht
- Foilseofar an chéad tuarascáil ag Rialtas na hÉireann maidir leis an Ullmhacht don Todhchaí

- Tacú leis an Státseirbhís maidir le forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht anailís a dhéanamh, gairmiúlacht agus nuálaíocht ar bhealach struchtúrtha a tharraingíonn agus a thógann ar thionscnaimh forbraíochta lena n-áirítear OneLearning agus IGEES.
- Bunófar seirbhís leabharlannaíochta do Lucht Anailíse Beartais
- An NDI a leathnú amach a thuilleadh tríd an CSO
- Cuspóirí na Straitéise Sonraí Oscailte 2022 chur chun cinn, agus a comharba

Plean Gnímh don Fhorbairt ar Bheartas Straitéiseach

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar ár mbonneagar beartais straitéisigh, agus infheistiú ann.	• Gealltanas an Chláir Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hAonaid Bheartais Straitéiseacha a chur ar bun ar fud na Ranna ina ndéantar beartas bunaithe ar fhianaise, trí dhroichead a dhéanamh idir léargais sonraí agus cinntí beartais. Beidh foirne ildisciplíneacha mar chuid de na hAonaid Bheartais Straitéisigh mar is riachtanach don réimse beartais, ar nós: a. Lucht Staidrimh tríd an IGSS b. Lucht eacnamaíochta agus anailíse tríd an IGEES c. Comhairleoirí eolaíochta d. Cuntasóirí e. Saineolaithe dlí
	• Cuirfimid próiseas leitheadach comhairliúcháin chun cinn i mBliain 1 chun léargas a fháil ar ról agus ar thionchar Aonad Beartais Straitéisigh maidir leis an bhearna a líonadh idir léargais sonraí agus cinntí beartais. Beidh na nithe a leanas i gceist sa phróiseas comhairliúcháin: teagmháil dhéthaobhach le haonaid bheartais ar fud ranna an Rialtais; fóraim phlé sheachtracha leis an lucht acadúil agus le hinstitiúidí eile taighde; ceardlanna le Grúpaí Rialachais IGEES agus éascaíocht a dhéanamh ar Dhíospóireachtaí Beartais Oscailte.
2 Forbairt bhreise a dhéanamh ar chur chuige maidir leis an bhforbairt bheartais atá dian, gairmiúil agus bunaithe ar fhianaise	• Déanfaimid forbairt ar chur chuige caighdeánaithe beartais trí Chreat a chruthú chun an ceapadh beartais a neartú, a tharraingeoidh ar an taithí ar fud an rialtais. Clúdóidh an creat an dea-chleachtas idirnáisiúnta, tacar uirlisí digiteacha agus modhanna measúnaithe ar nós na hanailíse costaséifeachta, slánú ar bhochtanas agus measúnú ar thionchar ó thaobh rialála de. Déanfaidh an slánú ar mholtaí reatha caiteachais ó thaobh beartais de tagairt don Chreat Folláine Náisiúnta. Déanfar forbairt ar an gcur chuige seo mar cholún de chuid an Chóid Caiteachais Phoiblí.
3 Tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt agus den fheidhmiú beartais uile-rialtais, agus a dhreasú	• Déanfaimid Tascfhórsa a thionól ar an bhFor-Rochtain, an Teagmháil agus an Comhairliúchán Beartais, mar fhoireann thrasrannach, trí leas a bhaint as struchtúir reatha nuair is féidir, chun an dea-chleachtas maith nuálaíoch a aithint maidir le teagmháil agus le comhairliúchán le páirtithe leasmhara sa taighde beartais agus san fhorbairt air. • I mbliain a haon, déanfaimid breithniú faoi thorthaí an fheachtais chumarsáide taighde ón Roinn Breis-Oideachais agus Ard-Oideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *Creating Our Future*[2] agus úsáidfimid an méid is tábhachtaí a foghlaimíodh uaidh seo, agus ó phróisis eile comhairliúcháin, chun eolas a dhéanamh don Tascfhórsa nua ar an bhfor-rochtain.
4 Forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainneacht réamhfhaisnéise straitéisí	• Cuirfimid treoir ardleibhéil ar fáil faoi conas is féidir le gach Roinn gné réamhfhaisnéise straitéisí a thabhairt isteach i gcuid oibre na nAonad Beartais Straitéisigh; lena n-áirítear mar chuid á phróisis bainistithe riosca, nuála agus tuairiscithe. An cuspóir ná cur chuige a fhorbairt a 'thagann roimh' threochlaonta agus nithe bunathraitheacha, maidir le modhanna traidisiúnta forbartha beartais agus soláthair seirbhíse.
	• Tógfaimid ar an bpróiseas Measúnú Riosca Náisiúnta le Tuarascáil Rialtas na hÉireann faoin Ullmhacht don Todhchaí, agus beidh úinéireacht agus cuntasacht shoiléir ann ar fud na Státseirbhíse.

2 Comhrá Náisiúnta faoin Taighde in Éirinn (https://creatingourfuture.ie/)

Plean Gnímh Cinntí a Dhéanamh le Léargas

Tosaíocht Straitéiseach	Gníomhartha
1 Creat a thógáil lena chur in iúl don phobal cén fáth a mbailítear a sonraí agus cén chaoi a n-úsáidtear iad	• Bunaíodh an Bord Rialachais Sonraí mar chuid den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, agus cuirfidh sé leis an eolas poiblí ar an nglacadh le húsáid sonraí agus éascóidh sé an mhuinín bhreise maidir leis. Beidh na nithe a leanas ar phlean oibre an Bhoird: – Caighdeáin agus treolínte a thabhairt isteach maidir le bainistiú sonraí – Bailiú sonraí áirithe a thoirmeasc nó a fhorfheidhmiú ag Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSBanna) – Treoir a thabhairt do PSBanna sonraí a roinnt faoin Acht – Catalógú a dhéanamh ar an gcomhroinnt sonraí ar fad a bhíonn ar siúl sa tSeirbhís Phoiblí – Bonn-Chláir a ainmniú – Aitheantóir Uathúil Gnólachta a chruthú (UBI) – Tairseach Sonraí Pearsanta a chruthú
	• Cabhróidh seo leis an tseirbhís phoiblí níos leithne tríd an oiliúint agus nótaí treoracha maidir leis an gcomhroinnt sonraí agus an dea-chleachtas sa bhailiú sonraí agus a mbainistiú, laistigh de chreat arna fhorbairt mar chuid den Straitéis Sonraí Náisiúnta.
	• Cuirfimid cuspóirí na Straitéise Sonraí Oscailte chun cinn trí leathnú a dhéanamh ar an réimse comhlachtaí poiblí atá gafa go gníomhach leis an tionscnamh Sonraí Oscailte agus leanfar den teagmháil le páirtithe leasmhara agus gríosófar úsáid Sonraí Oscailte
2 Forbairt a dhéanamh ar an tSeirbhís Mheasúnaithe Eacnamaíocht ag Rialtas na hÉireann (IGEES) mar dhroichead éifeachtach idir léargais sonraí agus beartas poiblí	• Tacóimid leis an Státseirbhís forbairt a dhéanamh ar chumas, ar ghairmiúlacht agus ar nuálaíocht ar bhealach struchtúrtha agus cruinneofar le chéile tionscadail roinne ar nós OneLearning agus IGEES, agus tógfar orthu sin. Áireofar ann seo clár FGL do lucht Anailíse Beartais ar fud Ranna an Rialtais. • Cuirfimid seirbhís leabharlannaíochta ar bun do lucht Anailíse Beartais. • Cuirfimid forbairt an IGSS chun cinn agus déanfaimid a phoibliú lena chinntiú go mbeidh an Státseirbhís níos leithne ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil. • Cuirfimid tionscadal earcaíochta an IGEES chun cinn lena chinntiú go mbeidh fáil ar na scileanna anailíse a bheidh riachtanach chun léargais a ghiniúint ó na sonraí agus iad chur isteach sa phróiseas forbartha beartais.
3 An Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI) a fhorbairt a thuilleadh chun a chinntiú go mbeidh soláthar agus rochtain ar na sonraí is riachtanach don fhorbairt bheartais	• Úsáidfimid sonraí mar chumasóir de réir na Straitéise Sonraí Náisiúnta trí thacair sonraí barrthábhachtacha a chur chun cinn, ar nós an PPSN agus an Éirchód, maidir le dearadh nó le hathdhearadh seirbhísí poiblí. Beidh gá chomh maith le rannpháirtíocht eagraíochtaí Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí i gcomhaontuithe comhroinnte sonraí anuas ar níos mó sonraí oscailte a fhoilsiú.

6 Rialachas agus Measúnú

Rialachas agus Measúnú

Beidh roinnt meicníochtaí againn mar bhonntaca le monatóireacht agus le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an chéad Phlean Gnímh seo faoi CSR2030.

Oifig Bhanisitithe Chlár Athnuachana na Státseirbhíse (PMO)

Déanfar PMO Athnuachan na Státseirbhíse comhordú ar fheidhmiú an Phlean Gnímh seo tríd an mbainistiú dian tionscadail agus cláir. Oibreoidh sé go dlúth le páirtithe leasmhara lena chinntiú go gcuirtear gníomhartha i gcrích.

Cur chuige maidir leis an mBainistiú Tionscadail

Leagann an chéad Phlean Gnímh seo amach na tionscnaimh a chuirfidh na tosaíochtaí straitéiseacha faoi leith chun cinn sna trí bliana atá romhainn. Socrófar an rialachas mar is cuí agus beidh Ard-Rúnaithe mar urraitheoirí gníomhartha nó grúpaí gníomhartha. Nuair is féidir é, úsáidfear na struchtúir reatha chun an dul chun cinn a thiomáint le cur chuige leasaithe comhoibritheach maidir leis an bplean a sholáthar. Ainmneofar Bainisteoirí Tionscnaimh ar gach ceann dár gcuspóirí agus ár bpleananna mionsonraithe tionscnaimh, agus beidh torthaí agus táscairí bainteacha ann, a fhorbrófar mar thaca leis an bPlean Gnímh seo. Comhaontóidh gach Urraitheoir Tionscadail agus gach Bainisteoir Tionscnaimh clocha míle don tionscnamh, agus faoi cheannas PMO Athnuachan na Státseirbhíse, déanfaidh siad tuairisciú do Bhord Bainistithe na Státseirbhíse ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn na dtionscnamh atá sannta dóibh. Beidh ionadaíocht ó gach leibhéal den státseirbhís ar fhoirne na dtionscadal.

Slat Tomhais an Rathúnais

Déanfar tomhas, measúnú agus tuairisciú rialta ar an dul chun cinn maidir leis na gealltanais a chur i bhfeidhm sna pleananna gnímh. Déanfar tacar níos leithne torthaí a imeascadh chun tomhas a dhéanamh ar thionchar ár gcuid beart ar an bhfolláine phoiblí, de réir an ghealltanais atá leagtha amach sa Chlár Rialtais. Déanfar monatóireacht agus bainistiú freisin ar aon riosca nó aon spleáchas a bhaineann leis an bPlean. Beidh fócas tábhachtach sa chur chuige againn ar cheachtanna a shainaithint ónar féidir foghlaim agus a chur i bhfeidhm ar an obair amach anseo.

Bainfear úsáid as réimse táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ag leibhéal an tionscadail agus déanfar tuairisciú faoi sin ar bhonn rialta do Bhord Bainistithe na Státseirbhíse.

Tuairiscí faoin Dul chun Cinn

Foilseoidh an Státseirbhís Tuairiscí faoin Dul chun Cinn ar bhonn bliantiúil chun mionsonraí a thabhairt faoi stádas na dtosaíochtaí sa Phlean Gnímh agus an dul chun cinn maidir leis na torthaí beartaithe do gach téama. Déanfar cumarsáid agus ceiliúradh chomh maith ar an méid a ghnóthaigh ár ndaoine agus a bhain siad amach.

Rialachas

Tá ríthábhacht le socruithe rialachais má táthar lena chinntiú go ndéanfar dul chun cinn maidir le forchuspóirí CSR2030 a bhaint amach agus le feidhmiú na ngníomhartha in CSR2024. Beidh Bord Bainistíocht na Státseirbhíse mar chomhcheannasaithe ar sholáthar na Straitéise iomláine agus déanfaidh siad maoirseacht ar fheidhmiú CSR2024.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Mar thaca le feidhmiú na ngníomhartha in CSR2024 beidh clár cuimsitheach nuálaíoch cumarsáide agus rannpháirtíochta foirne le linn an phlean seo ar fad. Ardófar leis feasacht faoi chuspóirí straitéiseacha na Straitéise deich mbliana CSR2030 agus faoi na tosaíochtaí san fheidhmiú do na trí bliana tosaigh. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil freisin don fhoireann bheith páirteach in athnuachan na Státseirbhíse agus aiseolas a thabhairt faoi na gníomhartha agus faoina bhfeidhmiú. Tacóidh an cur chuige seo le cultúr rannpháirtíochta agus cuimsitheachta a chur chun cinn go leanúnach sa Státseirbhís agus beidh tuiscint mhéadaithe ar úinéireacht agus ar ghealltanas maidir le soláthar na ngníomhartha. Beidh mar thaca aige uasdátuithe rialta maidir le rathúnas agus le tionchar na ngníomhartha, rud a spreagfaidh an rannpháirtíocht leanúnach sa phlean agus an tacaíocht dó.

Tá na Suirbhéanna Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse, a rinneadh in 2015, 2017 agus 2020, tar éis an dúchuid eolas a thabhairt faoi dhearcadh oibrithe ar bheith ag obair sa Státseirbhís. Tá torthaí na suirbhéanna seo tar éis Státseirbhís níos éifeachtaí a chruthú agus eolas curtha ar fáil acu do thionscnaimh i réimsí ar nós Foghlaim agus Forbairt, Rannpháirtíocht agus Folláine Fostaithe. Déanfaimid fiosrú faoi mhodhanna ar féidir an tsraith Suirbhéanna Rannpháirtíochta Fostaithe a leasú agus a líomhadh chun torthaí níos tráthúla a chur ar fáil d'eagraíochtaí Státseirbhíse maidir le saincheisteanna a éiríonn.

Aguisíní

Liosta na nGníomhartha ar Fad

Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht

Digiteach ar dTús

Gníomhartha	Bliain
• Bonnlíne a chruthú	1
• Comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhairliúchán leis an bpobal	1
• Cuirfidh muid feidhmiú chun cinn ar na 8 ngníomh GovTech a sainaithníodh i dtuairisc Cruinniú*	3
• Cuirfimid cur chuige chun cinn ina bhfuil céimeanna soiléire chun na seirbhísí digiteacha	1
• Cuirfimid ar fáil an chéad iarracht ar Gheata d'Imeachtaí Saoil	2
• Déanfaimid forbairt ar scileanna agus ar eolas ár bhfórsa saothair, agus déanfaimid tallann nua a mhealladh agus a choinneáil	1-3
• Cuirfimid an oiliúint, na huirlisí digiteacha agus na córais ar fáil	1-3
• Cuirfimid deiseanna ar fáil don fhoireann athoiliúint a dhéanamh más riachtanach chun riar ar éilimh éiritheacha ar chroíscileanna digiteacha agus sonraí	1 -3
• Déanfaimid Straitéis Gairmiúlachta TEC a fhorbairt agus a fhoilsiú	2
• Beidh cumas Digiteach san áireamh amach anseo sa Chreat Cumais Státseirbhíse	1-2
• Beimid níos oscailte agus níos trédhearcaí leis an bpobal maidir leis an dul chun cinn digiteach	1

**Cuirfear feidhmiú an ghnímh áirithe seo chun cinn in imeacht Straitéis CSR2030 ar fad*

Nuálaíocht a Neadú**

Gníomhartha	Bliain
• Déanfaimid fiosrú agus pleanáil faoi bhealaí chun dul i ngleic lenár bhfoireann agus leis an bpobal agus eile chun comhairle a fháil faoi dhearadh agus faoi sholáthar seirbhísí	1-2
• Tabharfaimid faoi fheachtas feasachta ar fud na Státseirbhíse chun leas a bhaint as taithí na foirne a bhíonn ag plé le custaiméirí agus á n-ionad sainiúil siúd a úsáid chun aiseolas a ghabháil agus bealaí a aithint chun seirbhísí a fheabhsú	1-2
• Déanfaimid forbairt ar phrótacal ina bhfuil an t-úsáideoir lárnach, agus cuirfear sin chun cinn in éineacht le treoirlínte a léireoidh tábhacht, luach agus tionchar ionchur an phobail maidir le dearadh agus le soláthar seirbhísí	2-3
• Breacfaimid go córasach ár ngealltanas maidir leis an nuáil a thiomáint i gcáipéisí tábhachtacha corparáideacha ar nós Ráiteas Straitéise, pleananna gnó eagraíochtaí, pleananna gnímh nuálaíochta agus ráitis inghlacthachta riosca	1
• Socróimid meicníochtaí agus córais chun an nuáil a aithint agus chun tacú léi agus infheistiú inti	1-3
• Leanfar den oiliúint a thairiscint don fhoireann maidir le conas bheith ag nuáil agus forbairt ghairmiúil leanúnach do cheannairí ar fud na Státseirbhíse	1-3
• Cuirfimid bonn foirmiúil faoin nuáil a chur san áireamh sna croíchumais i gcúrsaí earcaíochta ag na gráid chuí, agus beidh macalla freisin ar an nuálaíocht i bpróifílí ról	1
• Cuirfimid saoráidí leasaithe ar fáil do státseirbhísigh agus oibrithe sa tseirbhís phoiblí chun tacú le nuáil agus le comhoibriú traseagraíochta, tríd na modheolaíochtaí is déanaí a úsáid agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha	1-3
• Bainfimid feidhm as an eolas atá ag eagraíochtaí Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí atá tar éis nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm go rathúil chun cabhrú leo siúd in áit eile a bhfuil scileanna nó oiliúint den chineál chéanna ag teastáil uathu	1-3
• Déanfaidh eagraíochtaí Státseirbhíse tionscnaimh agus tionscadail thábhachtacha a shainaithint ina bhfuil an nuálaíocht le brath, agus a bhfuil de chumas iontu go gcuirfí i bhfeidhm iad, de réir scála, sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí	1-3
• Déanfaimid comhoibriú leis an éiceachóras níos leithne chun réitigh chomhfhorbartha a chur chun cinn	1-3

Gníomhartha	Bliain
• Bunóimid feidhm réamhfhaisnéise chun scagadh a dhéanamh ar réitigh náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar threochlaonta agus ar fhéidearthachtaí éiritheacha chun bonn eolais agus treorach a chur ar fáil le haghaidh nuálaíochtaí amach anseo	1-3
• Beidh ionadaíocht againn ar an mBord nua Comhairleach um Nuáil sa tSeirbhís Phoiblí, a bhfuil meascán de státseirbhísigh agus de sheirbhísigh phoiblí air, agus daoine lasmuigh den tSeirbhís Phoiblí agus an rún aige fís straitéiseach, maoirseacht agus treoir a chur ar fáil d'fheidhm nuála na Státseirbhíse.	1
• Spreagfaimid úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha ar fud na Státseirbhíse tríd an triail agus an turgnamh, agus tríd an gcomhoibriú leis an earnáil phríobháideach, tionscnaimh ghnó agus an lucht acadúil a dhéanfaidh forbairt ar an eolas agus ar an taithí chun an glacadh leis an teicneolaíocht a neadú a thuilleadh ar fud na Státseirbhíse	1-3

**I gcomhréir le *Making Innovation Real*, Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

Lucht Oibre, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht
Lucht Oibre Amach Anseo

Gníomhartha	Bliain
• Bealaí oibre níos solúbtha nuálaíche a fhorbairt, laistigh de Chreat don obair Chumaiscthe	1
• Déanfaimid fiosrú faoi réimse múnlaí oibre solúbtha	2
• Déanfaimid fiosrú agus athbhreithniú faoi roghanna sa soláthar seirbhíse agus riachtanais bhainteacha ar mhúnlaí oibre	2
• Cuirfimid foirne ilchineálacha ildisciplíne le chéile chun tabhairt faoi shaincheisteanna a éilíonn ionchur a théann thar theorainneacha na rannóg agus na n-eagraíochtaí	2
• Cuirfimid fuinneamh nua sa phleanáil don lucht saothair agus a luach, agus déanfaimid a imeascadh ina iomláine sna próisis pleanála gnó, buiséid, earcaíochta agus foghlama agus forbartha	1-3
• Bunóimid Grúpa Oibre Sinsearach ildisciplíneach chun urraíocht agus ceannaireacht a chur ar fáil don neadú agus don athbhreithniú ar phleanáil straitéiseach lucht saothair ar fud na Státseirbhíse	1-3
• Déanfaimid plean bainistithe athraithe a dhearadh chun an phleanáil lucht saothair a neadú agus plean a chur i bhfeidhm a neartóidh an acmhainn pleanála lucht saothair	3
• Déanfaimid athbhreithniú ar ár bpróisis earcaíochta agus ceapacháin, lena chinntiú go mbeidh siad ag teacht go cruinn lenár riachtanais ghnó	2
• Déanfaimid forbairt ar chlár scileanna Státseirbhíse, rud is gné thábhachtach den phleanáil straitéiseach lucht saothair	2
• Déanfaimid athbhreithniú agus uasdátú ar chreat cumais na Státseirbhíse chun macalla a dhéanamh ar riachtanais reatha agus feasta i dtaca le heolas, scileanna agus iompar	1-2
• Tabharfaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach ar bheartas agus ar chultúr bainistithe feidhmiúlachta na Státseirbhíse chun an fheidhmiúlacht éifeachtach a chur chun cinn i measc daoine, bainisteoirí, foirne, eagraíochtaí agus ar fud an Rialtais	2-3
• Cuirfimid chun cinn cultúr iompar oiliúna agus meantóireachta ag bainisteoirí daoine agus ag ceannairí sinsearacha.	1-3
• Déanfaimid forbairt ar réimse leathan cúrsaí nua OneLearning chun tacú le státseirbhísigh a róil a chur díobh go héifeachtach.	1-3
• Leanfaimid den tosaíocht a dhéanamh den fhorbairt ar scileanna agus ar acmhainneachtaí ceannaireachta ag gach leibhéal, lena n-áirítear Creat Bainistithe Tallainne don Státseirbhís	1-3
• Déanfaimid athbhreithniú ar chonairí reatha agus forbairt ar chinn nua chun daoine tallannacha a mhealladh chun oibre sa Státseirbhís agus iad a fhorbairt, agus daoine san áireamh ó phobail nua ilchineálacha	2
• Déanfaimid cruinniú sonraí, tuairisciú agus anailís dírithe ar Chomhionannas, Ilchineálacht agus Ionchuimsitheach (EDI), agus an Múnla Aibíocht EDI mar bhonn eolais againn	1-2
• Déanfaimid forbairt ar fheachtas feasachta agus cuirfear oiliúint EDI ar fáil don fhoireann ar fad	2
• Beidh cur chuige rialtais uile againn i dtaca le forbairt a dhéanamh ar luach tairisceana don Státseirbhís, agus cumarsáid a dhéanamh i dtaca leis	2-3

Gníomhartha	Bliain
• Cuirfimid i gcrích an tionscnamh píolótach Múnla Oibriúcháin HR tríd na céimeanna dearadh agus feidhmiú	1-2
• Rachaimid i bpáirtíocht le comhlacht gairmiúil chun an aitheantas agus méadú a dhéanamh ar an ngairmiúlacht HR sa Státseirbhís.	1-3
• Bunóimid foireann tionscadail agus déanfar forbairt ar chás gnó do Chóras Bainistithe Caipitil Daonna (HCM)	1-3

Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

Gníomhartha	Bliain
• Déanfaimid athbhreithniú ar an múnla soláthair don phróiseas Athbreithnithe Acmhainneachta Eagraíochta, agus déanfar an clár a luathú	1-3
• Críochnóimid an t-athbhreithniú ar struchtúr agus ar dhearadh eagraíocht na Státseirbhíse, agus déanfar forbairt ar phlean chun na torthaí is suntasaí a chur i bhfeidhm	3
• Bainfimid dícheall leasa as ár láithreacha oibre chun riar ar riachtanais athraitheacha na foirne agus tacú níos fearr le riachtanais ghnó agus le soláthar seirbhísí don phobal	2
• Tapóimid na deiseanna a thiocfaidh le teicneolaíochtaí nua éiritheacha chun tacú leis an gcaoi, leis an áit agus leis an am a ndéanaimid soláthar chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus éifeachtúlacht	1-3
• Cuirfimid láithreacha oibre ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh don chomhoibriú agus don nuáil	1-3
• Déanfaimid réimsí nua oibre a aithint a mbeadh an múnla seirbhísí comhroinnte lena leas	3
• Déanfaimid athbhreithniú agus iniúchadh ar bhealaí chun tuilleadh leasa a bhaint as na sochair fhéideartha a thagann le seirbhísí comhroinnte	1-3
• Críochnóimid feidhmiú na gcéimeanna tosaigh den tSeirbhís Chomhroinnte Bainistithe Airgeadais	3
• Déanfaimid athbhreithiniú agus athnuachan ar ár gcultúr agus ár luachanna mar Státseirbhís	1-3
• Déanfaimid forbairt ar fheachtas cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fud na Státseirbhíse chun ár luach tairisceana a bhunú	3
• Tacóimid le bainisteoirí daoine chun cultúr ionchuimsitheach láthair oibre a sholáthar trí dheiseanna forbartha a chur ar fáil	1-3
• Tabharfaimid feidhm don Chreat Sláinte agus Folláine chun tacú le tionscnaimh go leanúnach ar fud na Státseirbhíse agus cosaint agus neartú a dhéanamh ar shláinte agus ar fholláine ár bhfostaithe	1-3
• Déanfaimid fiosrú faoi dheiseanna le tionscnaimh thras-Státseirbhíse a thiomáint chun tabhairt faoi dhúshláin leanúnacha atá i gcoiteann ag Ranna agus ag Oifigí	1-3
• Déanfar forbairt ar iarracht eile den Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe chun líomhadh a dhéanamh ar an gcur chuige agus chun tacú le hidirghabhálacha tráthúla	1
• Leanfar den aitheantas agus den cheiliúradh ar rathúnas na foirne agus Ranna agus Oifigí tríd na Duaiseanna Feabhais agus Nuálaíochta Státseirbhíse agus trí imeachtaí aitheantais áitiúla	1-3
• Cuirfidh muid chun cinn feidhmiú an Phlean Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Poiblí as Gaeilge	1-3

Beartas agus Seirbhísí le Bonn Fianaise
Forbairt Bheartais Straitéisigh

Gníomhartha	Bliain
• Gealltanas an Chláir Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hAonaid Bheartais Straitéisigh a chur ar bun ar fud na Ranna ina ndéantar beartas bunaithe ar fhianaise, trí dhroichead a dhéanamh idir léargais sonraí agus cinntí beartais	3
• Cuirfimid próiseas leitheadach comhairliúcháin chun cinn chun léargas a fháil ar ról agus ar thionchar Aonad Beartais Straitéisigh maidir leis an bhearna a líonadh idir léargais sonraí agus cinntí beartais	1
• Déanfaimid forbairt ar chur chuige caighdeánaithe beartais trí Chreat a chruthú chun an ceapadh beartais a neartú, a tharraingeoidh ar an taithí ar fud an rialtais	2

Gníomhartha	Bliain
• Déanfaimid Tascfhórsa a thionól ar an bhFor-Rochtain, an Teagmháil agus an Comhairliúchán Beartais	1
• Déanfaimid breithniú faoi thorthaí an fheachtais chumarsáide taighde ón Roinn Breis-Oideachais agus Ard-Oideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Creating Our Future, agus úsáidfimid an méid is tábhachtaí a foghlaimíodh uaidh seo, agus ó phróisis eile comhairliúcháin, chun eolas a dhéanamh don Tascfhórsa nua ar an bhfor-rochtain	1
• Cuirfimid treoir ardleibhéil ar fáil faoi conas is féidir le gach Roinn gné réamhfhaisnéise straitéisí a thabhairt isteach i gcuid oibre na nAonad Beartais Straitéisigh	2
• Tógfaimid ar an bpróiseas Measúnú Riosca Náisiúta le Tuarascáil Rialtas na hÉireann faoin Ullmhacht don Todhchaí, agus beidh úinéireacht agus cuntasacht shoiléir ann ar fud na Státseirbhíse	3

Cinntí le Léargas

Gníomhartha	Bliain
• Beidh na nithe a leanas san áireamh ar phlean oibre an Bhoird Rialachais Sonraí: – Caighdeáin agus treolínte a thabhairt isteach maidir le bainistiú sonraí – Bailiú sonraí áirithe a thoirmeasc nó a fhorfheidhmiú ag Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí – Treoir a thabhairt do PSBanna sonraí a roinnt faoin Acht – Catalógú a dhéanamh ar an gcomhroinnt sonraí ar fad a bhíonn ar siúl sa tSeirbhís Phoiblí – Bonn-Chláir a ainmniú – Aitheantóir Uathúil Gnólachta a chruthú (UBI) – Tairseach Sonraí Pearsanta a chruthú	1-3
• Cabhrú leis an tseirbhís phoiblí níos leithne tríd an oiliúint agus nótaí treoracha maidir leis an gcomhroinnt sonraí agus an dea-chleachtas sa bhailiú sonraí agus a mbainistiú, laistigh de chreat arna fhorbairt mar chuid den Straitéis Sonraí Náisiúnta	1-2
• Cabhrú le cuspóirí na Straitéise Sonraí Oscailte a chur chun cinn trí leathnú a dhéanamh ar an réimse comhlachtaí poiblí atá gafa go gníomhach leis an tionscnamh Sonraí Oscailte agus leanfar den teagmháil le páirtithe leasmhara agus gríosófar úsáid Sonraí Oscailte	1-3
• Tacóimid leis an Státseirbhís forbairt a dhéanamh ar chumas, ar ghairmiúlacht agus ar nuálaíocht ar bhealach struchtúrtha agus cruinneofar le chéile tionscadail roinne ar nós OneLearning agus IGEES, agus tógfar orthu sin. Áireofar ann seo clár FGL do lucht Anailíse Beartais ar fud Ranna an Rialtais	2 1
• Cuirfimid seirbhís leabharlannaíochta ar bun do lucht Anailíse Beartais	1
• Cuirfimid forbairt an IGSS chun cinn agus déanfaimid a phoibliú lena chinntiú go mbeidh an Státseirbhís níos leithne ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil	1
• Cuirfimid tionscadal earcaíochta an IGEES chun cinn lena chinntiú go mbeidh fáil ar na scileanna anailíse a bheidh riachtanach chun léargais a ghiniúint ó na sonraí agus iad chur isteach sa phróiseas forbartha beartais	
• Úsáidfimid sonraí mar chumasóir de réir na Straitéise Sonraí Náisiúnta trí thacair sonraí barrtháibhachtacha a chur chun cinn, ar nós an PPSN agus an Éirchód, maidir le dearadh nó le hathdhearadh seirbhísí poiblí	1-3



Creat Straitéiseach 10 mBliana

Beartas agus Seirbhísí bunaithe ar Fhianaise

Forbairt Beartas Straitéiseach

- Ár mbonneagar straitéiseach a athbhreithniú, a fhorbairt agus infheistiú ann
- Cur chuige daingean, gairmiúil bunaithe ar fhianaise i leith forbairt beartais a fhorbairt a thuilleadh
- Tús áite a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheidhmiú beartais iomlán rialtais agus í a dhreasú
- Ár n-acmhainn fadcheann straitéiseach a fhorbairt

Cinnteoireacht faoi stiúir Léargas

- Creat a chruthú chun an pobal a chur ar an eolas faoi cén fáth a mbailítear a sonraí agus conas a bhainistítear agus a úsáidtear iad
- Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireacht Rialtas na hÉireann (IGEES) a fhorbairt mar dhroichead idir léargais sonraí agus beartas poiblí
- An Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI) a fhorbairt a thuilleadh chun a chinntiú go gcuirtear sonraí ar fáil agus gur féidir iad a rochtain faoi mar atá de dhíth san fhorbairt polasaí

Digiteach i dTosach Báire agus Nuálaíocht

Digiteach i dTosach Báire

- Seirbhísí Digiteacha a bhfuil aitheantas domhanda acu a thógáil trí chomhchruthú lenár bpáirtithe leasmhara agus leis an bpobal chun a chinntiú go n-úsáidtear 90% de sheirbhísí bainteacha ar líne
- Seirbhísí 24/7 a thógáil ina soláthraítear réitigh chomhsheasmhacha, chomhtháthaithe dhigiteacha ceann go ceann
- Lucht saothair a bhfuil scileanna digiteacha acu a chothú lena chur ar chumas na Státseirbhíse cultúr "Digiteach i dTosach Báire " a bhaint amach
- Muinín an phobail a chothú in iontaoibh, trédhearcacht agus luach réitigh dhigiteacha

Nuálaíocht a neadú*

- Nuálaíocht atá dírithe ar an saoránach a chothú trí shaoránaigh agus úsáideoirí a chur i lár baill
- Cultúr nuálaíochta a chruthú mar a gcumasaítear gach ball foirne dul i mbun na nuálaíochta
- Nuálaíocht a uas-scálú trína bheith ag obair i ngach earnáil agus eagras
- Nuálaíocht chlaochlaitheach a thabhairt chun cinn i ngach cuid den Státseirbhís tríd an athrú ceannródaíoch

Lucht Saothair, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

Lucht Saothair an Ama atá le Teacht

- Samhlacha oibre solúbtha a fhorbairt agus a fheidhmiú
- Creat pleanála nua lucht saothair a fhorbairt agus a thabhairt isteach
- Tús áite a thabhairt d'fhorbairt croíscileanna do lucht saothair an ama atá le teacht agus iad a thabhairt chun cinn
- Leanúint d'fhorbairt acmhainn straitéiseach AD

Láthair Oibre agus Eagras de chuid an Ama atá le Teacht

- Struchtúir eagrúcháin a chothaíonn solúbthacht agus comhoibriú níos fearr a athbhreithniú agus a sheachadadh
- Ár láithreacha oibre a athshamhlú chun seirbhísí poiblí níos fearr a sheachadadh
- Acmhainn seirbhísí comhroinnte a shíneadh chun go n-uasmhéadófar iad
- Comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus folláine ar an láthair oibre a chothú
- Cultúr dearfach láthair oibre a chur chun cinn a ailíníonn le luachanna na Státseirbhíse

*I gcomhréir le *Making Innovation Real*, Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

Bonn Fianaise CSR2024

Tá réimse foinsí mar eolas ag CSR2024 agus in éineacht lena chéile is bonn cuimsitheach fianaise iad.

Tascfhórsa

Bhí tascfhórsa de státseirbhísigh shinsearacha le hionadaíocht ó gach Roinn Rialtais rannpháirteach i bpróiseas uile-Rialtais chun Athnuachan na Státseirbhíse 2030 a mhúnlú agus bhí sin mar eolas don fhorbairt a rinneadh ar Athnuachan na Státseirbhíse 2024.

Freagairt na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí

Taithí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí ón bhfreagairt a rinneadh don phaindéim COVID-19.

Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochta

Déanann an clár um Athbhreithniú ar Acmhainneacht Eagraíochta iniúchadh ar réimsí straitéis, ceannaireacht, soláthair agus acmhainn eagraíochtúil, agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ó na sé cinn d'athbhreithnithe a rinneadh go nuige seo faoin gClár um Athbhreithniú ar Acmhainneacht Eagraíochta.

Suirbhéanna Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse

Tá torthaí ó na Suirbhéanna Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse a rinneadh in 2015, 2017 agus 2020 agus tugtar sonraí iontu ar mhéid na rannpháirtíochta foirne agus ar thuairimí státseirbhíseach maidir lena gcuid oibre. Tá torthaí ann ó anailís fhorlíontach faoi mhúnlú na hoibre agus na cianoibre

Súirbhéanna Sásaimh Chustaiméirí agus Ghnólachtaí Státseirbhíse

Torthaí na Suirbhéanna is déanaí ar Shásamh Custaiméirí agus Gnólachtaí Státseirbhíse a foilsíodh in 2019.

Comhairliúchán le Boird Bhainistíochta

Bhí próiseas comhairliúcháin an le Boird Bhainstíochta chun éascaíocht a dhéanamh don aiseolas ó Ranna maidir le treo an athleasaithe.

Plean Státseirbhíse 2014 a chur i bhfeidhm

Tionóladh 41 cruinniú 'Halla an Bhaile' le timpeall 3,500 den fhoireann i láthair in imeacht fheidhmiú Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014, rud a thug an deis do státseirbhísigh saincheisteanna faoin láthair oibre agus faoin gclár athnuachana a phlé.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland